Craobh an Domhain

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi chraobh sacair an domhain agus Éire. Agus tú ag féachaint uirthi déan iarracht an leagan Gaeilge de na frásaí seo a aimsiú. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

1. it was confirmed _____
2. according to _____
3. qualifying game _____
4. a big smile _____
5. thanks to _____
6. fight / combat _____
7. supporters _____
8. shaking _____
9. at all _____
10. according to reports _____
11. in relation to _____
12. that we avoided _____

Ceist 2 (a) Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus breac síos cé hiad na daoine seo a leanas agus cén fáth ar luadh iad.

Gerard Houllier
Seán St. Ledger
Andrei Arshavin
Raymond Domenech
Henry

(b) Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Ceist 3 '…an ceathrú lá déag…'

(a) Scríobh na dátaí thíos i bhfocail - tá sampla déanta duit!

22/07/08 – an dara lá is fiche de mhí Iúil, dhá mhíle is a hocht.
26/09/09 –
19/12/67 –
05/01/89 –
17/06/95 –
12/10/07 –
08/11/04 –

(b) Cuir ‘ar an’ roimh gach abairt anois atá díreach scríofa agat. Déan plé leis an duine in aice leat ar aon athrú a rinne tú agus cén fáth go ndearna tú amhlaidh.

(c) Cén breithlá atá agat féin? Cuir ceist ar gach duine sa rang cén breithlá atá acusan.

Ceist 4 (a) Bí ag obair leis an duine in aice leat – déanaigí iarracht na tíortha seo thíos atá ina mbaill d’Aontas na hEorpa a aimsiú:

An __ h __ i __ g

An __ __ __ p __ r

An E a __ __ __ __ __

An __h i __ __ l __ __ __ n

An __ __ e a r __ __ __ n

An I __ __ á __ l

An __ __ i t v i __

L u c __ __ __ __ __ __ g

An __ s t __ i r

An P__ o r t __ __ __ g é __ __

An __ ó m __ __ n

Poblacht na S __ __ __ __

an t S l ó v __ __ __

An __ n g á i __

An B __ __ l g __ __ __

An D __ __ m __ __ __ r g

__ __ __ __ (Poblacht)

An __ __ r __ __ n c

An G __ r é __ g

An Í __ __ __ t í r

An __ i o t u __ __ __

M __ __ __ a

An __ h __ l a i __ __

An Ríocht __ __ __ __ __ __ __ __ __

An __ p __ __ __ n

An t S l ó __ __ __ __ __

An t S u __ __ __ __ __ __

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine i do ghrúpa:

Cad a cheapann tú faoi chúrsaí sacair?
An tír í Éire a dhéanann go maith go ginearálta, i gcúrsaí spóirt sa domhan?
Cén tábhacht a bhaineann le hÉirinn a bheith i gCraobh an Domhain, dar leat?
Ar cheart cead a thabhairt do dhuine nach Éireannach é imirt ar fhoireann na hÉireann?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. it was confirmed	deimhníodh
2. according to	de réir
3. qualifying game	cluiche cáilithe
4. a big smile	meangadh mór gáire
5. thanks to	a bhuíochas do
6. fight / combat	comhrac
7. supporters	lucht tacaíochta
8. shaking	ag creathadh
9. at all	ar chor ar bith
10. according to reports	de réir tuairiscí
11. in relation to	maidir le
12. that we avoided	a sheachain muid

Ceist 2

(a)

Gerard Houllier - príomh-ionadaí na Fraince a bhí sa halla nuair a deimhníodh cé a bheadh ag imirt sna cluichí cáilithe do Chraobh an Domhain.
Seán St. Ledger – imreoir le foireann na hÉireann a d'aimsigh an cúl in éadan na hIodáile.
Andrei Arshavin – imreoir le foireann na Rúise. Ní bheidh foireann na hÉireann ag imirt in éadan na Rúise san fhuacht.
Raymond Domenech – bainisteoir ar fhoireann na Fraince; tá tuairiscí ann nach bhfuil an fhoireann sásta faoina stiúir.
Henry – imreoir le foireann na Fraince, beidh sé ina bhagairt sna cluichí le teacht.
(b) Iarr ar na foghlaimeoirí a gcuid freagraí a chur i gcomparáid le chéile.

Ceist 3

(a)

26/09/09 – an séú lá is fiche de mhí Mheán Fómhair, dhá mhíle is a naoi.
19/12/67 – an naoú lá déag de mhí na Nollag, míle naoi gcéad seasca a seacht.
05/01/89 – an cúigiú lá de mhí Eanáir, míle naoi gcéad ochtú a naoi.
17/06/95 – an seachtú lá déag de mhí an Mheithimh, míle naoi gcéad nócha a cúig.
12/10/07 – an dara lá déag de mhí Dheireadh Fómhair, dhá mhíle is a seacht.
08/11/04 – an t-ochtú lá de mhí na Samhna, dhá mhíle is a ceathair.

(b)

Ar an séú lá is fiche de mhí Mheán Fómhair, dhá mhíle is a naoi.
Ar an naoú lá déag de mhí na Nollag, míle naoi gcéad seasca a seacht.
Ar an gcúigiú lá de mhí Eanáir, míle naoi gcéad ochtú a naoi.
Ar an seachtú lá déag de mhí an Mheithimh, míle naoi gcéad nócha a cúig.
Ar an dara lá déag de mhí Dheireadh Fómhair, dhá mhíle is a seacht.
Ar an ochtú lá de mhí na Samhna, dhá mhíle is a ceathair.

Tabhair tuilleadh samplaí de na hathruithe, más gá.

(c) Abair leis na foghlaimeoirí a mbreithlá a sholáthar do gach duine sa rang.

Ceist 4

An Bheilg	An Bhulgáir
An Chipir	An Danmhairg
An Eastóin	Éire (Poblacht)
An Fhionlainn	An Fhrainc
An Ghearmáin	An Ghréig
An Iodáil	An Ísiltír
An Laitvia	An Liotuáin
Lucsamburg	Málta
An Ostair	An Pholainn
An Phortaingéil	An Ríocht Aontaithe
An Rómáin	An Spáinn
Poblacht na Seice	An tSlóivéin
An tSlóvaic	An tSualainn
An Ungáir	

Ceist 5

Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna anseo a phlé.

Craobh an Domhain

Maolra Mac Donnchadha

Deimhníodh tráthnóna gurb iad iar-sheaimpíní sacair na Cruinne, An Fhrainc atá idir Éirinn agus áit i gCraobh an Domhain san Afraic Theas an samhradh seo chugainn. De réir an tarraingt a rinneadh* i Zurich na hEilvéise, is i mBaile Átha Cliath a bheas an chéad chluiche cáilithe an mhí seo chugainn. Tháinig meangadh mór gáire ar Gerard Houllier, príomh-ionadaí na Fraince sa halla agus na liathróidí beaga glasa tagtha aníos as na babhlaí. Beidh an Fhrainc in ann Éire** a imirt i bPáras tar éis dóibh antrom Pháirc an Chrócaigh a bheith curtha díobh acu. Ach tá muid, ar a laghad, san iomaíocht a bhuíochas do chúl Seán St. Ledger agus don bhainisteoir. Dé Sathairn, an ceathrú lá déag de mhí na Samhna an chéad chomhraic leis na Francaigh, lá roimh chluiche fhoireann rugbaí na hÉireann ar an bpáirc chéanna. Ansin an Chéadaoin dár gcionn, an t-ochtú lá déag a bheas an turas go Stade de France ag lucht tacaíochta a íocfaidh go daor ar thicéid eitleáin. Ach bídís buíoch nach sa bhfuacht i Moscó, ag creathadh roimh Andrei Arshavin, nó thall i Liospóin rósta ag Renaldo, a bheas siad.

Is fada uainn 1998 tráth a raibh na Francaigh ina máistrí. Tá ré Zizou thart. Cé go bhfuil Benzema, Ribery agus Anelka roimh fhoireann na hÉireann, níl an campa sásta ar chor ar bith de réir tuairiscí, faoi stiúir Raymond Domenech. Arís ar ais tá Henry ann i gcónaí – an fear a chuir an scian go deireanach in Éirinn tráth a raibh foireann i bhfad níos láidre againne freisin. Maidir leis na foirne a sheachain muid sna cluichí cáilithe, tarraingíodh an Phortaingéil le Bosnia and Herzegovina, an Rúis leis an tSlóivéin*** agus an Ghréig leis an Úcráin.

* *a deineadh* a deirtear
** *Éirinn* a deirtear
*** *le Slovenia* a deirtear